Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Nollaig 2022
(OR. en)

15989/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0416(NLE)**

**CULT 130**
**AUDIO 137**
**POLCOM 204**
**RELEX 1728**
**COMER 153**
**JUR 791**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 713 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin closamhairc mar a fhoráiltear in Airteagal 5 den Phrótacal maidir le Comhar Cultúrtha a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 713 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 713 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.12.2022
COM(2022) 713 final

2022/0416 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin closamhairc mar a fhoráiltear in Airteagal 5 den Phrótacal maidir le Comhar Cultúrtha a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 1 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2015/2169 maidir le cur i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile.

Leis an bPrótacal maidir le Comhar Cultúrtha[1], atá i gceangal leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile[2] ('an Prótacal'), bunaítear in Airteagal 1 an creat ina gcomhoibríonn na Páirtithe chun malartuithe a éascú maidir le gníomhaíochtaí cultúrtha, earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear san earnáil chlosamhairc.

De bhun Airteagal 5(8)(b) den Phrótacal, tar éis thréimhse thosaigh 3 bliana déanfar an teidlíocht a athnuachan go ceann tréimhsí leantacha eile den fhad céanna, ach amháin má chuireann Páirtí deireadh leis an teidlíocht trí fhógra i scríbhinn a thabhairt ar a laghad 3 mhí sula rachaidh an tréimhse thosaigh nó aon tréimhse dá héis sin in éag.

Bunaíodh an teidlíocht seo do thréimhse 3 bliana (ón 1 Iúil 2011 go dtí an 30 Meitheamh 2014). De bhun Airteagal 5(8)(b) den Phrótacal, 'déanfar an teidlíocht thuasluaite a athnuachan go ceann fad 3 bliana agus, dá éis sin, déanfar an teidlíocht sin a athnuachan go huathoibríoch go ceann tréimhsí leantacha eile den fhad céanna, ach amháin má chuireann Páirtí deireadh leis an teidlíocht trí fhógra i scríbhinn a thabhairt ar a laghad 3 mhí sula rachaidh an tréimhse thosaigh nó aon tréimhse dá héis sin in éag.'

I gcomhréir leis an bhforáil sin, rinneadh an teidlíocht a athnuachan trí huaire go ceann 3 bliana eile. Mhair an chéad tréimhse go dtí an 30 Meitheamh 2017, mhair an dara tréimhse go dtí an 30 Meitheamh 2020, agus leanfaidh an tríú tréimhse go dtí an 30 Meitheamh 2023, ós rud é nár chuir aon Pháirtí deireadh leis an teidlíocht.

Le Cinneadh (AE) 2020/470 ón gComhairle an 25 Márta 2020 maidir le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin closamhairc mar a fhoráiltear in Airteagal 5 den Phrótacal maidir le Comhar Cultúrtha a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile[3], chomhaontaigh an Chomhairle leanúint den teidlíocht ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2023.

Glacadh Cinneadh (AE) 2020/470 ón gComhairle ar bhonn Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2015/2169, ina ndearnadh foráil go háirithe, tráth a glacadh Cinneadh (AE) 2020/470 ón gComhairle, go dtabharfaidh an Coimisiún fógra do Phoblacht na Cóiré má bhíonn sé i gceist ag an Aontas gan síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta i gceist, ach amháin má aontaíonn an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, 4 mhí roimh dheireadh thréimhse na teidlíochta sin, leanúint ar aghaidh leis an teidlíocht.

Le breithiúnas an 1 Márta 2022 sa chás *an Coimisiún v an Chomhairle*[4], chuir an Chúirt Bhreithiúnais an cinneadh sin ar neamhní ós rud é nach raibh an nós imeachta a bhunaítear in

[1] IO L 127, 14.5.2011, lch. 1418.
[2] IO L 127, 14.5.2011, lch. 6.
[3] IO L 101, 1.4.2020, lch. 1.
[4] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 1 Márta 2022, *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-275/20, ECLI:EU:C:2022:142.

Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2015/2169 i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE a mhéid a chuir sé de cheangal ar an gComhairle vótáil d'aon toil. Ní mór gurb í an riail vótála a leagtar síos sa chéad fhomhír d'Airteagal 218(8) CFAE, eadhon vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle, an riail vótála is infheidhme maidir le cinntí a ghlacadh amhail Cinneadh (AE) 2020/470 ón gComhairle. Ina breithiúnas, choinnigh an Chúirt éifeachtaí Chinneadh (AE) 2020/470 freisin go dtí go leigheastar é ar bhonn na bhforas atá aitheanta leis an neamhniú.

Le Cinneadh (AE) 2022/2335 ón gComhairle, scriosadh an ceanglas atá ar an gComhairle gníomhú d'aon toil chun cinneadh a dhéanamh maidir le leanúint den teidlíocht in Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2015/2169 ón gComhairle.

Chun deireadh a chur le haon amhras faoi thiomantas an Aontais Eorpaigh maidir le síneadh 3 bliana a chur le tréimhse na teidlíochta, ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2023, agus, ar an gcaoi sin, cur chun feidhme cuí an Phrótacail a áirithiú, ba cheart cinneadh nua a ghlacadh.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

I gcomhréir leis an mbreithiúnas thuasluaite, is é Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2015/2169 ón gComhairle arna leasú le Cinneadh (AE) 2022/2335 ón gComhairle an bunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

- **An rogha ionstraime**

I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2015/2169 ón gComhairle, is cinneadh ón gComhairle an ionstraim iomchuí chun síneadh leis an teidlíocht a chomhaontú.

2022/0416 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin closamhairc mar a fhoráiltear in Airteagal 5 den Phrótacal maidir le Comhar Cultúrtha a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/2169 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 maidir le cur i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, arna leasú le Cinneadh (AE) 2022/2335 ón gComhairle[5], agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an bPrótacal maidir le Comhar Cultúrtha[6], atá i gceangal leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile[7] ('an Prótacal'), bunaítear in Airteagal 1 an creat ina gcomhoibríonn na Páirtithe chun malartuithe a éascú maidir le gníomhaíochtaí cultúrtha, earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear san earnáil chlosamhairc.

(2) Áirítear sa Phrótacal forálacha maidir le teidlíocht i ndáil le comhléiriúcháin closamhairc chun tairbhe a bhaint as na scéimeanna faoi seach.

(3) De bhun Airteagal 5(8), pointe (b), den Phrótacal, tar éis thréimhse thosaigh 3 bliana déanfar an teidlíocht a athnuachan go ceann tréimhsí leantacha eile den fhad céanna, mura gcuireann Páirtí deireadh leis an teidlíocht trí fhógra i scríbhinn a thabhairt ar a laghad 3 mhí sula rachaidh an tréimhse thosaigh nó aon tréimhse dá héis sin in éag. I gcomhréir leis an bhforáil sin, cuireadh síneadh leis an teidlíocht go deireanach go dtí an 30 Meitheamh 2023, ós rud é nár chuir aon Pháirtí deireadh léi.

(4) Le Cinneadh (AE) 2020/470 ón gComhairle[8], cuireadh síneadh 3 bliana le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin closamhairc, ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2023. Le breithiúnas an 1 Márta 2022 sa chás *an Coimisiún v an*

5 Cinneadh (AE) 2022/2335 ón gComhairle an 28 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/2169 maidir le cur i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (IO L 309 an 30 Samhain 2022, lch. 6).

6 IO L 127, 14.5.2011, lch. 1418.

7 IO L 127, 14.5.2011, lch. 6.

8 Cinneadh (AE) 2020/470 ón gComhairle an 25 Márta 2020 maidir le síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin closamhairc mar a fhoráiltear in Airteagal 5 den Phrótacal maidir le Comhar Cultúrtha a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (IO L 101, 1.4.2020, lch. 1).

*Chomhairle*[9], chuir an Chúirt Bhreithiúnais an cinneadh sin ar neamhní. Ina breithiúnas, choinnigh an Chúirt éifeachtaí Chinneadh (AE) 2020/470 freisin go dtí go leigheastar é ar bhonn na bhforas atá aitheanta leis an neamhniú.

(5) An …, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/2335 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/2169[10] i gcomhréir leis an mbreithiúnas sin.

(6) Chun deireadh a chur le haon amhras faoi thiomantas an Aontais maidir le síneadh 3 bliana a chur le tréimhse na teidlíochta, ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2023, agus, ar an gcaoi sin, cur chun feidhme cuí an Phrótacail a áirithiú, ba cheart cinneadh nua a ghlacadh ar bhonn Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2015/2169 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (AE) 2022/2335 ón gComhairle, agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Iúil 2020, i gcomhréir leis an mbreithiúnas sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirfear síneadh 3 bliana ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2023 le tréimhse na teidlíochta i ndáil le comhléiriúcháin closamhairc chun tairbhe a bhaint as scéimeanna faoi seach na bPáirtithe chun ábhar cultúrtha réigiúnach nó áitiúil a chur chun cinn, dá bhforáiltear in Airteagal 5(4) go Airteagal (7) den Phrótacal maidir le Comhar Cultúrtha atá i gceangal leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

9 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 1 Márta 2022, *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-275/20, ECLI:EU:C:2022:142.

10 IO L 307, 25.11.2015, lch. 2.